


Athbhreithniú Bliantúil 2024

# Achoimre do Chách

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH um ATHRÚ AERÁIDE

# Athbhreithniú Bliantúil 2024:
# Achoimre do Cháchl

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide,
Áras McCumiskey, Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, D14 YR62

Teil: 01 2680180

Ríomhphost: info@climatecouncil.ie

www.climatecouncil.ie

© An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide 2024

ISBN: 978-1-80009-208-2

Conas an doiciméad seo a lua:

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2024), *Achoimre do Chách: Athbhreithniú Bliantúil 2024.* https://www.climatecouncil.ie/councilpublications/

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil? | 2 |
| Athbhreithniú Bliantúil 2024 | 3 |
| Moltaí foriomlána | 3 |
| Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais | 4 |
| Moltaí i leith na nEarnálacha Tionsclaíochta agus Dramhaíola | 5 |
| Moltaí i leith Earnáil an Iompair | 6 |
| Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha | 7 |
| Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta | 8 |
| Moltaí i leith Oiriúnú don Athrú Aeráide | 9 |
| Moltaí i leith na Bithéagsúlachta | 10 |
| Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa? | 11 |
| Cad is buiséad carbóin ann? | 11 |
| Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann? | 11 |



# Réamhrá

Is comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhfuil sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Éire ag tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá neodrach, seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus comhairle a sholáthar ina leith sin.

Tá aeráid na hÉireann ag athrú, agus leis sin tá méadú ag teacht ar an tionchar ar dhaoine, ar áiteanna agus ar an dúlra. Ba í 2023 an bhliain ba theo agus ba fhliche a bhfuil taifead againn uirthi. I mí an Mheithimh 2023, tharla tonn mhór teasa san fharraige amach ón gcósta thiar a chuir faoi deara teochtaí dromchla farraige nach bhfacthas riamh roimhe sin, rud a chur leis an mbaol go bhfaigheadh speicis thábhachtacha mhuirí bás. Idir Deireadh Fómhair 2023 agus Márta 2024, chuir báisteach throm isteach go mór ar ghníomhaíocht feirmeoireachta, agus rinne stoirmeacha creimeadh mór ar an gcósta agus rinne siad dochar do bhóithre agus d'áitribh i Loch Garman agus i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. D'fhág an t-athrú aeráide gur dhealraithí agus gur dhéine a bhí an bháisteach throm agus na tuilte i Mainistir na Corann i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Leanfaidh an teocht ar aghaidh ag méadú go dtí go ndéanfar beart fiúntach. Fágann sé sin go dtarlóidh babhtaí adhaimsire níos measa in Éirinn, amhail tonnta teasa, triomach, stoirmeacha agus tuilte, agus is mó a chuirfidh siad isteach ar an saol.

## Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil?

Gach bliain déanann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide athbhreithniú ar fheidhmíocht na hÉireann an bhliain roimhe sin maidir leis na nithe seo a leanas:

- astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú,
- oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta,
- an buiséad carbóin agus gach uasteorainn i dtaobh astaíochtaí earnála a chomhlíonadh i leith na tréimhse sin,
- dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus Éire a ullmhú i gcomhair na gcoigeartuithe is gá le bheith réidh le haghaidh tionchar an athraithe aeráide.

Tugtar achoimre san Athbhreithniú ar na sonraí agus na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i leith gach earnála den gheilleagar agus déantar moltaí i dtaobh gníomhaíochtaí a bhaineann le hearnálacha sonracha chun tacú leis an iarracht na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhlíonadh. Ina naoi gcuid atá Athbhreithniú Bliantúil 2024:

- Athbhreithniú ar Earnáil an Leictreachais,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Tionsclaíochta agus na Dramhaíola,
- Athbhreithniú ar an Earnáil Iompair,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Timpeallachta Tógtha,
- Athbhreithniú ar Earnáil na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta,
- Ullmhú i gcomhair an Athraithe Aeráide in Éirinn,
- Athbhreithniú ar an mBithéagsúlacht,
- Athbhreithniú Trasearnála.

Is é an chuid seo, *Achoimre do Chách*, an naoú cuid agus an chuid dheireanach d'Athbhreithniú Bliantúil 2024. Déantar achoimre anseo ar na príomhthorthaí a leagtar amach i ngach cuid den Athbhreithniú Bliantúil agus tugtar achoimre ar na príomh-mholtaí a rinneadh.

# Athbhreithniú Bliantúil 2024


In Athbhreithniú Bliantúil 2024 deir an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú le go bhféadfaidh Éire a cuid oibleagáidí aeráide a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta ná ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ní mór stopadh ag brath ar bhreoslaí iontaise, agus tá gá le gníomh práinneach lena chinntiú gur féidir le daoine, áiteanna agus an dúlra dul in oiriúint don athrú aeráide agus ullmhú i gcomhair rioscaí aeráide atá ag teacht chun cinn go tapa. Tá cur i bhfeidhm an bheartais ró-mhall agus ró-ilroinnte faoi láthair, agus tá gá le rannpháirtíocht níos éifeachtaí maidir le gach cuid den bheartas, ar fud na sochaí, ionas gur féidir cinnteoireacht inbhuanaithe a dhéanamh agus bacainní ar ghníomhaíocht a thuiscint agus fáil réidh leo.

## Moltaí foriomlána

- Ionas gur féidir le hÉirinn deireadh a chur lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise, ba cheart don Rialtas stopadh ag tabhairt fóirdheontas i leith ídiú breosla iontaise, agus cur leis an maoiniú chun glacadh tapa teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus roghanna malartacha a spreagadh agus a luathú ar fud na n-earnálacha go léir. Thairis sin, ní mór dó a chinntiú go mbeidh sé níos éasca leas a bhaint as an maoiniú sin.
- Ní mór an Creat Pleanála Náisiúnta athbhreithnithe a chur i bhfeidhm go tapa, ina iomláine, chun tacú leis an leathnú ar chumhacht ghaoithe agus cumhacht ghréine atá riachtanach chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach agus chun gearradh siar ar astaíochtaí a bhaineann le forbraíochtaí nua agus leis an gcóras iompair.
- Chun Aistriú Cóir a chinntiú, ba cheart bacainní inacmhainneachta a bhíonn ar theaghlaigh, pobail agus gnólachtaí a aithint, agus ansin tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar dóibh siúd ar lú a gcumas a gcúl a thabhairt le breoslaí iontaise agus dóibh siúd is mó atá i mbaol ó thionchar an athraithe aeráide.
- Ní mór don Rialtas cur chuige níos comhtháite a ghlacadh maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais trí thús áite a thabhairt, ar bhonn práinneach, do bhearnaí a aithníodh san Athbhreithniú Bliantúil seo, lena n-áirítear talamhúsáid, bainistíocht cósta, beartas teasa, an tAistriú Cóir agus athchóiriú an dúlra.
- Ní mór athmheasúnú ar bhonn cláir a dhéanamh ar leibhéil na mbuiséad carbóin ionas go mbeidh siad fós i gcomhréir le staitisticí astaíochtaí na hÉireann, a bhíonn seasta á bhfeabhsú agus á dtabhairt cothrom le dáta.
- Ní mór don Rialtas an córas náisiúnta um breathnóireacht aeráide a mhaoiniú chun tacú lena rannchuidiú leis an gCóras Domhanda um Breathnóireacht Aeráide agus acmhainneacht náisiúnta a fhorbairt chun teacht ar thuiscint ar conas a théann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar theagmhais aimsire.

## Príomhfhíricí

### Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)




**Príomhphointí**

Tháinig **laghdú ar astaíochtaí** ar fud fhormhór na n-earnálacha in 2023

Tá **méadú** ag teacht ar astaíochtaí LULUCF

**Ní mór laghduithe bliantúla 8.3% in 2024 agus 2025 a bhaint amach** chun cloí leis an gcéad bhuiséad carbóin

### Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh




*Talamhúsáid, Athrú ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht



# Moltaí i leith Earnáil an Leictreachais

- Ní mór don Rialtas, ar bhonn práinneach, athchóiriú a dhéanamh ar chúrsaí pleanála ionas gur féidir dlús a chur le suiteáil dóthain cumhachta gaoithe agus gréine chun meánmhéadú bliantúil 1.6 gigeavata leictreachas in-athnuaite ar tír a bhaint amach. Sin é an méid atá ag teastáil chun spriocanna na hÉireann a chomhlíonadh. Tá géarghá freisin le bonneagar eangaí ardvoltais nua chun acmhainn eangaí na hÉireann a mheaitseáil lena huaillmhianta i dtaobh an fhuinnimh in-athnuaite.
- Tá sé ríthábhachtach go stopfar ag úsáid ghuail chun leictreachas a ghiniúint faoi 2025 agus go stopfar ag úsáid ola a luaithe is féidir.
- Ba cheart don Rialtas a chinntiú go bhfuil dreasachtaí praghsála ar fáil d'ionaid sonraí agus do mhórúsáideoirí fuinnimh eile chun úsáid leictreachais a aistriú go hamanna a mbíonn astaíochtaí ísle carbóin i gceist agus chun rochtain a thabhairt don phobal ar shonraí faoina bhfeidhmíocht i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus i dtaobh na hinbhuanaitheachta.
- Ní mór don Rialtas, ar bhonn práinneach, an plean a ghlacadh maidir le feidhmiú na cumhachta gaoithe amach ón gcósta theas, ionas nach mbeidh a thuilleadh moille ar ghiniúint gaoithe amach ón gcósta.
- Ba cheart don Rialtas straitéis fhadtéarmach a fhoilsiú ina mbeidh amlínte maidir le córas leictreachais iontaofa, saor ó charbón, a chur ar fáil i bhfad roimh 2050 agus ba cheart dó féachaint chuige go dtabharfaidh cuideachtaí fuinnimh faoi úinéireacht phoiblí lánaird ar an Acht um Ghníomhú Aeráide agus a gcuid cuspóirí féin á leagan síos acu.
- Ní mór féachaint chuige, ar bhonn próisis phleanála, go bhforbrófar bonneagar nua fuinnimh chun cur i gcoinne an tionchair a mheasta a bheidh ag an athrú aeráide amach anseo. Ní mór d'oibreoirí gníomhú anois chun maolú a dhéanamh ar rioscaí tuile aitheanta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhonneagar tábhachtach, agus ní mór dóibh aird a thabhairt ar chosaint na bithéagsúlachta i bhforbairtí bonneagair nua, agus, nuair is féidir é, an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Ní mór don Rialtas agus d'oibreoirí neartú a dhéanamh ar an tseasmhacht i gcoinne bristeacha cumhachta agus a bheith ag obair i ndlúthpháirt le gach pobal chun na teicneolaíochtaí atá ag teastáil a shainaithint agus a fhorbairt.

## Príomhfhíricí

**Astaíochtaí Iomlána** (Mt $CO_2$ eq)

2022: 9.7
▼22%
2023: 7.6
Gach earnáil: 55.0

**Príomhphointí**

**Laghdú 44%** ar ghual ó bhí 2022 ann

**Méadú 12x** ar an méid fuinnimh a allmhairítear ón Ríocht Aontaithe

**Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1**

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh

| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|

67.9%

*Foilsíodh é seo ar dtús an 13 Bealtaine 2024*




# Moltaí i leith na nEarnálacha Tionsclaíochta agus Dramhaíola

- Tá sé molta ag an gComhairle go ndéanfaidh an Rialtas bearta chun foirgníocht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus iad seo a leanas ina measc:
  - straitéis a fhorbairt chun cur leis an úsáid a bhaintear as adhmad san fhoirgníocht agus measúnuithe carbóin ar feadh na saolré agus spriocanna gaolmhara a thabhairt isteach sa phróiseas pleanála i gcás foirgnimh phoiblí,
  - spriocanna a chomhaontú agus bearta a chur chun feidhme chun astaíochtaí ó phróisis táirgthe stroighne a laghdú,
  - an t-éileamh ar stroighin a laghdú trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil lena spreagadh go ndéanfar iarfheistiú ar fhoirgnimh in ionad iad a leagan agus a atógáil.
- Ní mór don Rialtas a chinntiú gur le foinsí nua fuinnimh in-athnuaite a fhreastalófar ar an éileamh leictreachais go léir a bheidh ag ionaid sonraí nua. I gcás aon ionad sonraí nua, ní mór é a bheidh éasca é a nascadh le líonra téimh ceantair a thógfar amach anseo ionas gur féidir an dramhtheas uaidh a úsáid chun teas ísealcharbóin a sholáthar do thithe.
- Ba cheart don Rialtas Plean um Aistriú Cóir a dhéanamh, ina sainaithneofar bearnaí scileanna agus an athoiliúint a bheidh ag teastáil chun spriocanna aeráide a bhaint amach. Beidh sé sin úsáideach freisin i dtaobh féachaint cé na réimsí inar cheart infheistíocht a dhéanamh san oiliúint.
- Ba cheart don Rialtas féachaint chuige go mbeidh dóthain maoiniú ar fáil le go mbeidh gnólachtaí in ann táirgí agus seirbhísí a fhorbairt lena gcuirfear chun cinn bearta nuálacha chun oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide.

## Príomhfhíricí

**Astaíochtaí Iomlána** (Mt $CO_2$ eq)





**Príomhphointí**

**Laghdú 6%** ar astaíochtaí sa tionscal stroighne

**Laghdú 6%** ar astaíochtaí meatáin ó líonta talún

**Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1**

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh




* Áiríonn earnálacha 'eile' astaíochtaí ó F-gháis, ó dhramhaíl agus ó scagadh peitriliam.

*Foilsíodh é seo ar dtús an 29 Bealtaine 2024*




# Moltaí i leith Earnáil an Iompair

- Ba cheart don Rialtas, mar bheart práinneach, athbhreithniú a dhéanamh ar chánachas san earnáil iompair (lena n-áirítear cáin cláraithe feithiclí, mótarcháin, dleacht mháil, cáin charbóin, praghsáil breosla agus muirir atá bunaithe ar fhad achair) lena chinntiú go dtacaíonn an beartas cánachais le spriocanna astaíochta agus go gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn leis.
- Ba cheart don Rialtas agus d'údaráis áitiúla spás bóithre a ath-leithdháileadh chun feabhas a chur ar an rochtain ar bhonneagar taistil phoiblí agus taistil ghníomhaigh (siúl nó rothaíocht, mar shampla). Ní mór feabhas a chur ar na seirbhísí iompair phoiblí, agus tá gá le tuilleadh rannpháirtíochta leis an bpobal chun teacht ar thuiscint ar na bacainní a bhíonn ar dhaoine agus roghanna iompair inbhuanaithe á ndéanamh acu.
- Ní mór don Rialtas, mar bheart práinneach, an t-athchóiriú pleanála is gá a chur i bhfeidhm chun:
  - féachaint chuige go laghdóidh forbairtí nua an t-éileamh ar iompar trí thithe, ionaid oibre, seirbhísí agus spásanna fóillíochta a lonnú níos gaire dá chéile agus do bhonneagar iompair phoiblí agus iompair ghníomhaigh,
  - dlús a chur le cur i bhfeidhm mórthionscadail a bhaineann le bonneagar iompair phoiblí agus iompair ghníomhaigh agus íoslaghdú a dhéanamh ar na costais agus na moilleanna a bhaineann leis an bpróiseas pleanála.
- Ní mór an tacaíocht agus an treoir a theastaíonn uathu ón Rialtas a bheith ag údaráis áitiúla chun éileamh ar sheirbhísí iompair agus astaíochtaí ó sheirbhísí iompair a laghdú, ar bhonn bearta a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil ar nós criosanna astaíochtaí ísle, seirbhísí bus tointeála a chur ar fáil nó socruithe carr-roinnte a chur chun cinn.
- Ní mór líon na n-aistear a dhéantar sa charr chuig na scoileanna agus ar ais abhaile a laghdú trí leathnú mór a dhéanamh ar an Scéim Iompair Scoile agus leanúint ar aghaidh leis an obair chun cur le líon na ndaltaí a shiúlann ar scoil nó a théann ar scoil ar an rothar.
- Ní mór don Rialtas tosaíocht a thabhairt do bhearta agus d'infheistíochtaí chun cur le seasmhacht na gcalafort agus na mbóithre agus na n-iarnród is tábhachtaí i leith thionchar an athraithe aeráide amach anseo, ar nós báisteach mhór agus ardú ar leibhéal na farraige.

## Príomhfhíricí

**Astaíochtaí Iomlána** (Mt $CO_2$ eq)




**Príomhphointí**

**Méadú ar an éileamh** ar pheitreal, díosal agus ceirisín scairdeitleáin

**Méadú 24%** ar úsáid seirbhísí iompair phoiblí

**Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1**

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh




*Foilsíodh é seo ar dtús an 27 Meitheamh 2024*




# Moltaí i leith Earnáil na Timpeallachta Tógtha

- Tá géarghá le laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise le haghaidh téimh agus, ar deireadh, stopadh á n-úsáid amach is amach. Ní mór don Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - i bhfad níos mó úinéirí tí a spreagadh (go háirithe iad siúd a bhfuil tithe acu a tógadh tar éis 2007 nó a oireann cheana do chóras teaschaidéil) chun teaschaidéil agus córais téimh ceantair a chur in ionad na gcoirí ola agus gáis, agus dreasachtaí a chur ar fáil dóibh i ndáil leis sin,
  - an t-athchóiriú is gá a dhéanamh ar an mbeartas teasa agus ar an reachtaíocht chun dlús a chur le feidhmiú scéimeanna téimh ceantair agus tacú leis an iarracht fáil réidh le gach córas téimh ina n-úsáidtear breosla iontaise.
- Ní mór don Rialtas an Creat Pleanála Náisiúnta athbhreithnithe a chur i bhfeidhm go tapa chun tacú le dlúthfhorbairt, le hathghiniúint uirbeach agus le húsáid éifeachtach a bhaint as talamh neamhfhorbartha i gceantair uirbeacha.
- Ní mór don Rialtas tuilleadh tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do theaghlaigh ísealioncaim agus d'úinéirí tí atá ag dul anonn sna blianta, ar dream iad nach bhfuil in acmhainn aisfheistiú domhain a dhéanamh faoi na scéimeanna um uasghrádú fuinnimh tí atá ann cheana ná le hiasachtaí ar chostas íseal.
- Ba cheart don Rialtas machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí breise chun cur leis an athchóiriú a dhéantar ar fhoirgnimh fholmha agus foirgnimh thréigthe agus ba cheart dó úsáid ábhair ísealcharbóin, ar nós adhmaid, a chur chun cinn.
- Tá sé molta ag an gComhairle go neartóidh an Rialtas seasmhacht earnáil na timpeallachta tógtha i leith thionchar an athraithe aeráide amach anseo (tuilte, báisteach mhór, triomach agus stoirmeacha móra, mar shampla). Moltar go bhforbródh an Rialtas plean oiriúnaithe don earnáil agus go bhféachfaidh sé chuige go bhfreastalaítear sna Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair ar an raon iomlán rioscaí aeráide.

## Príomhfhíricí

**Astaíochtaí Iomlána** (Mt $CO_2$ eq)




**Príomhphointí**

**Méadú 78%** ar an leas a bhaintear as deontais SEAI* le haghaidh iarfheistiú

D'fhág praghsanna arda agus rialacháin maidir le breosla soladach **gur lú an méid breosla a ídíodh**

### Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh

| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| AN EARNÁIL CHÓNAITHEACH | 62.0% |
| AN EARNÁIL TRÁCHTÁLA | 61.4% |

*Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

*Foilsíodh é seo ar dtús an 11 Iúil 2024*




# Moltaí i leith Earnálacha na Talmhaíochta agus na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta

- Ní mór don Rialtas, ar bhonn práinneach, an tAthbhreithniú ar Thalamhúsáid a thabhairt chun críche agus feidhmiú a dhéanamh ar bheartais agus gníomhartha a eascraíonn as, ar cinn iad a thagann le cuspóirí fadtéarmacha i leith na haeráide agus na bithéagsúlachta.
- Ba cheart don Rialtas plean stuama forfheidhmithe a fhorbairt don Straitéis Bithmheatáin i Ráithe 1 2025 agus an tacaíocht agus na dreasachtaí riachtanacha a sholáthar chun bonn a chur faoin gcás gnó maidir le bithmheatán a tháirgeadh agus a úsáid.
- Ní mór don Rialtas a spreagadh go mbainfear leas go tapa as na bearta ardtionchair, cost-éifeachtacha a mholtar i ndáil le cuar Teagasc um chostas na mbeart chun astaíochtaí talmhaíochta a laghdú, lena n-áirítear:
  - cur leis an úsáid a bhaintear as leasacháin atá bunaithe ar úiré chosanta,
  - úsáid a bhaint as breiseáin cheadaithe sa bheatha agus breiseáin a chur leis an sciodar chun astaíochtaí meatáin a laghdú.
- Má bhaintear amach spriocmheáchan conablaigh ag aois níos óige, is féidir astaíochtaí ó bheostoc a laghdú go mór. Spreagtar próiseálaithe feola chun íocaíochtaí bónais a athrú mar dhreasacht d'fheirmeoirí chun bailchríoch a chur ar an bpróiseas beathaithe ag aois níos óige.
- Ní mór don Rialtas dul i dteagmháil le húinéirí talún agus le pobail, ar bhonn práinneach, chun aird a dhíriú ar an deis airgeadais atá le tapú in earnáil na foraoiseachta maidir le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach, agus ar an tábhacht a bhaineann le ról na foraoiseachta ina leith sin, agus ní mór dó treoir fheabhsaithe a thabhairt faoin gClár Foraoiseachta.
- Nuair a bheidh sé bunaithe, ba cheart don Choimisiún um Aistriú Cóir smaoineamh ar an Aistriú Coir a phlé le feirmeoirí, daoine a bhíonn ag obair faoin tuath agus pobail, agus an plé sin a bheith dírithe ar an earnáil áirithe sin.
- Ba cheart don Rialtas, i gcomhar le miondíoltóirí agus eagraíochtaí tomhaltóirí, tionscnamh faisnéise a sheoladh ionas go mbeidh daoine in ann bianna a roghnú sa chaoi go mbeidh a n-aiste bia sláintiúil, inbhuanaithe, agus nach mbeidh sí costasach.
- Ba cheart don Rialtas na hacmhainní atá riachtanach a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do ranna Rialtais ionas go mbeidh pobail uirbeacha agus pobail tuaithe in ann gabháil do chur chuige cuimsitheach, atá bunaithe ar dhreasachtaí, ar leibhéal dobharcheantair chun réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm chun an baol tuile a bhainistiú.

## Príomhfhíricí*

### Astaíochtaí Iomlána (Mt $CO_2$ eq)




**Príomhphointí**

Tháinig **laghdú 31%** ar dhíolacháin leasacháin nítrigine ó bhí 2018 ann

**Méadú 15% bliain ar bhliain** ar an úsáid a bhaintear as úiré chosanta

### Uasteorainn Astaíochtaí Earnála Buiséad Carbóin 1

Méid na huasteorann iomláine a úsáideadh cheana sna 3 bliana tosaigh




* Sonraí agus breithnithe ón Earnáil Talmhaíochta. Ní áirítear astaíochtaí ó Thalamhúsáid, Athraithe ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht.


*Foilsíodh é seo ar dtús an 4 Meán Fómhair 2024*



## Moltaí i leith Oiriúnú don Athrú Aeráide

- Ba cheart do ranna rialtais agus do ghníomhaireachtaí atá i gceannas ar phleananna oiriúnaithe earnála a fhorbairt an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - maoiniú a leithdháileadh agus a leagan i leataobh sna buiséid bhliantúla le haghaidh bearta chun seasmhacht a chothú in aghaidh an athraithe aeráide,
  - féachaint chuige, i gcás pleananna nua oiriúnaithe earnála, go mbeidh siad uaillmhianach, éifeachtach, go mbeidh costais luaite leo agus go mbeidh táscairí iontu ionas gur féidir an dul chun cinn a thomhas.
- Ní mór do ghníomhaireachtaí agus rialtóirí tráchtála leathstáit foráil bhuiséid a dhéanamh le haghaidh tionscadail lena bhfeabhsaítear an tseasmhacht atá ag bonneagar tábhachtach amhail calafoirt, iarnróid, an eangach leictreach agus príomhbhóithre, agus tús áite a thabhairt do na tionscadail sin.
- Ba cheart don Rialtas plean bainistíochta cósta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm láithreach chun cur leis an tseasmhacht i gceantair chósta agus i bpobail in aghaidh thionchar an athraithe aeráide, agus ardú ar leibhéal na farraige agus creimeadh cósta san áireamh.
- Tá gá le hacmhainneacht níos mó i ndáil le gníomhaíocht chun dul in oiriúint don athrú aeráide ar fud gach réimse den rialtas náisiúnta agus den rialtas áitiúil. Faoi dheireadh na bliana 2025, ní mór clár soiléir a bheith ann maidir le hacmhainní agus oiliúint foirne, chun an acmhainneacht is gá a chothú.
- Ba cheart don Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leathana beartais, lena n-áirítear bainistiú cósta, tionchar ar an tsláinte agus an baol tubaiste a laghdú.
- Ba cheart do ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais a bheith ag obair as lámha a chéile chun clár náisiúnta um dhamáiste de bharr na haeráide a bhunú chun rianú a dhéanamh ar chostas agus tionchar babhtaí adhaimsire ar fud na hÉireann agus chun freagraí beartais a fheabhsú.
- Ní mór don Rialtas féachaint chuige go gcuirfear dóthain acmhainní ar fáil do thionscnaimh chaomhnaithe lena bhfeabhsaítear seasmhacht an dúlra in aghaidh an athraithe aeráide.

*Foilsíodh é seo ar dtús an*
*10 Meán Fómhair 2024*



## Moltaí i leith na Bithéagsúlachta

- Ba cheart don Rialtas a chinntiú go leagfar síos spriocanna uaillmhianacha sa Phlean Náisiúnta Athchóirithe don Dúlra, agus go n-áireofar ann bearta a bhfuil costais iomlána luaite leo i ndáil le héiceachórais a athchóiriú, agus go mbeidh dóthain dreasachtaí airgid ar fáil lena spreagadh go gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm go forleathan.
- Tá géarghá le maoiniú breise lena chinntiú go n-éireoidh leis an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht. Ní mór dóthain acmhainní a leithdháileadh ón gCiste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra chun gnáthóga atá ar mhórán carbóin a chosaint agus a athchóiriú, ar tír agus ar muir.
- Ní mór don Rialtas straitéis chomhtháite talamhúsáide a bhunú chun tacú le spriocanna i dtaobh na haeráide, na bithéagsúlachta agus an uisce. Ba cheart an straitéis sin a bheith bunaithe ar shonraí cuimsitheacha maidir le gnáthóga agus bithéagsúlacht agus ar chreat soiléir maidir le talamhúsáid.
- Ní mór don Rialtas plean inchreidte a bhunú chun 30% den talamh agus den fharraige a chosaint faoi 2030 agus lena chinntiú go ndéanfar dea-bhainistíocht ar gach limistéar faoi chosaint ar bhonn spriocanna soiléire maidir le caomhnú agus athchóiriú.
- Ba cheart don Mheitheal Náisiúnta Bhithéagsúlachta maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú réiteach atá bunaithe ar an dúlra ar fud earnálacha éagsúla agus réimsí éagsúla talamhúsáide. Ba cheart d'institiúidí a shainaithnítear sa 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht spriocanna agus gníomhaíochtaí soiléire a leagan síos chun na réitigh sin a chur i bhfeidhm ar scála níos mó.
- Ní mór don Rialtas dreasachtaí airgeadais fadtéarmacha, bunaithe ar thorthaí, a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun cleachtais bhainistíochta atá neamhdhíobhálach don dúlra a chur i bhfeidhm. Tá gá le monatóireacht ar an leibhéal náisiúnta a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht ar thailte feirme agus ba cheart tógáil ar an gcur chuige atá glactha faoin Scéim ACRES um Thimpeallacht Agra-Aeráide na Tuaithe.
- I gcomhar leis an mórphobal taighde, ba cheart don Rialtas clár taighde ar leith a fhorbairt a bheidh dírithe ar thionchar an athraithe aeráide ar an dúlra a thuiscint agus oiriúnú dó.
- Ba cheart don Rialtas measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh beartais náisiúnta ar chúrsaí aeráide agus bithéagsúlachta drochthionchar a bheith acu ar thíortha eile lena sheachaint go n-aistreofar fadhbanna chuig áiteanna eile.

*Foilsíodh é seo ar dtús an*
*11 Deireadh Fómhair 2024*

## Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa?

Tá Éire ar cheann de 190 tír a shínigh Comhaontú Pháras, a bhfuil sé ina aidhm leis an téamh domhanda a theorannú go dtí cuid mhaith faoi bhun 2°C agus an méadú a theorannú go 1.5°C.

Le buiséid charbóin a mholann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, tacaítear leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach faoi 2050. Dírítear sa chéad dá bhuiséad carbóin (2021–2025 agus 2026–2030) ar laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2018. Faoi dheireadh 2024, molfaidh an Chomhairle an leagan críochnaitheach den tríú buiséad carbóin (2031–2035) agus molfaidh sí dréachtleagan den cheathrú buiséad (2036–2040). Leis na buiséid sin, tacófar le neodrachas ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050. Beidh siad bunaithe ar na sonraí astaíochtaí, ar an gcomhairle eolaíoch agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta is déanaí, agus tá sé i gceist leo na tairbhí eacnamaíocha is fearr is féidir a bhaint amach agus an ceartas aeráide á chur san áireamh.

## Cad is buiséad carbóin ann?

Léiríonn buiséad carbóin méid iomlán na n-astaíochtaí a fhéadfar a scaoileadh le linn tréimhse chomhaontaithe 5 bliana. Tomhaistear é sin ina dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin agus déantar é a ríomh ar fud an gheilleagair. Má sháraíonn Éire ceann dár mbuiséid charbóin, ní mór an barrachas a chúiteamh sa chéad tréimhse eile. Is é atá i gceist leis na buiséid charbóin Éire a chur ar an mbóthar chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

## Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann?

Is éard atá i gceist le huasteorainneacha astaíochtaí earnála ná méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear do gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh le linn tréimhse ar leith. In Éirinn, leagtar síos leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála uasmhéid na n-astaíochtaí a cheadaítear ó gach earnáil lena chinntiú go gcloífidh Éire lena buiséid charbóin. Is iad seo a leanas na hearnálacha:

- Leictreachas,
- Earnáil na Tionsclaíochta agus eile,
- Iompar,
- An Timpeallacht Thógtha (an earnáil chónaithe, an earnáil tráchtála agus an earnáil phoiblí),
- Talmhaíocht,
- Talamhúsáid, Athraithe ar Thalamhúsáid agus Foraoiseacht.